



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Review of Historical Dictionary of Gaelic Placenames / Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge, Fascicle/Fascúl 4 (Ceall Ghabhann-Cláiríne) by Pádraig Ó Riain, Diarmuid Ó Murchadha, Kevin Murray
Author(s)	Ó hAisibéil, Liam
Publication Date	2012
Publication Information	Ó hAisibéil, L. (2012) Review of Historical Dictionary of Gaelic Placenames / Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge, Fascicle/Fascúl 4 (Ceall Ghabhann-Cláiríne) by Pádraig Ó Riain, Diarmuid Ó Murchadha, Kevin Murray; Cumann na Scríbeann nGaedhilge, Londain, 2011, ISBN 9781870166736, Béaloideas: Iris an Chumainn le Béaloideas Éireann, 80, 259-63.
Publisher	An Cumann Le Béaloideas Éireann/Folklore of Ireland Society
Item record	<a href="http://hdl.handle.net/10379/6056">http://hdl.handle.net/10379/6056</a>

Downloaded 2022-05-22T10:29:59Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



*Historical Dictionary of Gaelic Placenames / Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge, Fascicle/Fascúl 4 (Ceall Ghabhann-Cláiríne)* (eag. Pádraig Ó Riain, Diarmuid Ó Murchadha, Kevin Murray; Cumann na Scríbeheann nGaedhilge, 2011) xxxiv + 165 lch. ISBN 978-1-870166-73-6. 24 euro.

Seo an ceathrú fascúl atá foilsithe sa tsraith mhórluachach ar áitainmneacha na Gaeilge, curtha in eagar ag Pádraig Ó Riain, Diarmuid Ó Murchadha<sup>1</sup> agus Kevin Murray a oibríonn faoi réir an tionscnaimh *Locus* i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá aitheantas nach beag bainte amach ag an tsraith seo ó eisíodh an chéad fhascúl ar *Ainmneacha in A-* sa bhliain 2003, an dara fascúl *Ainmneacha i B* i 2005, agus an tríú fascúl *C-Ceall Fhursa* go gairid ina dhiaidh sin i 2008. Cuimsítear sa cheathrú fascúl na háitainmneacha ó Cheall Ghabhann go Cláiríne atá le fáil i dtaifead stairiúil na Gaeilge, áit go n-áirítear mar cheannfhocail na míreanna coitianta a fhaightear i logainmneacha cosúil le ceall, ceann, ceathramha, ceinéal agus ceis. Tugtar aitheantas (lch vi) do chúnamh airgid a bheith faighte don togra seo ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta .i. An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta mar atá anois; ón gComhairle Oidhreacht agus ó chiste Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Beifear ag súil go leanfar le tacaíocht a sholáthar don tionscadal ardaidhmeannach agus fiúntach seo sna blianta atá romhainn.

Tá leagan amach an tsaothair mórán mar atá sna fascúil eile go dtí seo agus áirítear *Réamhfhocal* (lch vi), *Réamhrá* (vii), *Suíomh* (viii), *Foinsí* (ix), *Noda* (xxxii), *Contaetha* (xxxiv), *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge* (1), *Innéacs Contrártha* (155) i gclár na n-ábhar. Maidir le líon na gceannfhocal in *FSÁG Fascúl 4 (Ceall Ghabhann-Cláiríne)* tá breis agus 700 ceannfhocal le fáil a phléann ainmneacha áite agus treabhchais ó cheann ceann na tíre, chomh maith le hainmneacha eile níos faide i gcéin; mar shampla ainmneacha san Áise Bheag, sa Bhruach Thiar, in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Foilsíodh breis agus 1,500 ceannfhocal in *Ainmneacha in A-*, timpeall 2,000 ceannfhocal in *Ainmneacha i B-*, agus timpeall 600 eile in *C-Ceall Fhursa* agus tá dhá fhascúl eile den litir C le foilsiú go fóill; rud a fhágfaidh iomlán de c. 3,000 ceannfhocal dar tús an litir C sa tsraith. Nuair atá na ceithre fhascúl don litir C foilsithe, beidh leath na n-ainmneacha ar fad atá le cíoradh ag an tionscnamh curtha i gcló, agus is cosúil go bhfoilseofar dhá fhascúl ar a laghad chun ainmneacha dar tús an litir D a chur i gcrích. Níor ghá ach súil a chaitheamh ar líon na bhfoinsí (lgh ix-xxxi) a n-áirítear i bh*Fascúl 4* agus é a chur i gcomparáid leis na cinn a eisíodh cheana chun dul chun cinn na sraithe a mheas. Cuirtear tuairim agus dhá leathanach bhreise le liosta na bhfoinsí in aghaidh an fhascúil nua. Léiriú is ea seo ar an leathnú atá ag teacht ar fhoinsí atá á gcur san áireamh, ag brath ar litir na haibítire atá faoi chaibidil, agus ar theacht chun solais foinsí ábhartha nua le himeacht ama.

Atheagrán atá sa tsraith seo de *magnum opus* Edmund Hogan dar teideal *Onomasticon Goedelicum Locorum et Tribuum Hiberniae*, a foilsíodh sa bhliain 1910 (athchló 1993) agus atá ina lámhleabhar ag lucht ainmeolaíochta agus scoláirí Gaeilge na tíre riamh ó shin. Is éard atá san *Onomasticon* ná foclóir stairiúil d'ainmneacha áite agus treabhchais mar a bhí le fáil i lámhscríbhinní

---

<sup>1</sup> Cúis mhór aifeála dúinn a chlosteáil gur bhásaigh an scoláire ildánach agus caoinbhéasach Diarmuid Ó Murchadha, duine d'eagarthóirí an tionscnaimh, ar 16 Lúnasa 2011. Solas na bhflaitheas dá anam.

agus i bhfoinsí clóite an ama; áit arbh iad an tSean-Ghaeilge, an Mheán-Ghaeilge, an Nua-Ghaeilge Mhoch agus an Laidin teangacha na bhfoinsí sin. Tá deacrachtaí áirithe ag baint le húsáid an *Onomasticon* lenár linn féin, agus is ar mhaithe le huasdátú, eagar a chur ar iontrálacha mearbhlacha, agus athbhreithniú a dhéanamh ar áiteanna nach raibh aitheanta ag Hogan, a thug an triúr thuasluaite faoin bh*Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge (FSÁG)* a chur le chéile. Chun na deacrachtaí a mbaineann leis an *Onomasticon* a aithint, níor ghá ach féachaint ar ortagrafaíocht an cheannfhocail, áit a mbíonn rogha ag an léitheoir idir ceannfhocail sa tSean-, Mheán- agus Nua-Ghaeilge Mhoch. Níl éascaíocht úsáide an tsaothair thar moladh beirte toisc an rogha seo. Cuir i gcás go mbeadh ceannfhocal dar tús ‘Ao-’ na Nua-Ghaeilge agat, bheadh gá le súil a chaitheamh ar na hiontrálacha go léir faoi Ae-, Aí-, Óe- agus Oí- san *Onomasticon* chun teacht ar an ainm sin. Litrítear ceannfhocail an *FSÁG* sa Nua-Ghaeilge Mhoch nuair is féidir, agus déantar crostagairt idir an leagan den ainm atá san fhascúl agus leaganacha eile den ainm céanna atá le fáil sna fascúil eile. Léiriú maith is ea líon na gcrostagairtí seo ar an méid ábhar atá fós le teacht i bhfascúil eile na sraithe. Gné a chuireann mearbhall ar léitheoir an *Onomasticon* ná go n-úsáidtear giorrúcháin atá éagsúil óna chéile le tagairt don fhoinsé chéanna (Fy. agus Hyf. ag tagairt do *Tribes of Uí Fiachrach*, Chi. agus Cri. d’innéacs *Chronicon Scotorum*, Sr. agus Snr. do *Saltair na Rann*). Tarlaítear freisin go mbíonn iontrálacha sáite isteach faoin iontráil roimhe trí dhearmad, rud nach gcabhraíonn ar chor ar bith leis an gceannfhocal a aimsiú ar imeall an leathanaigh. I gcás an *FSÁG* áfach, úsáidtear giorrúcháin ar na foinsí atá níos ciallmhaire agus níos fusa le haithint agus chomh maith leis seo, tugtar san áireamh eagráin dioplómaitiúla agus scolártha d’fhoinsí an *Onomasticon* atá nuafhoilsithe ó 1910 i leith.

Níor mhiste a lua nach uasghrádú agus athruithe eagarthóireachta amháin atá i gceist leis an *FSÁG*, ach gur leagan éagsúil atá ann ar go leor bealaí. Ar an gcéad dul síos, soláthraítear aistriúcháin ar na ceannfhocail ar mhaithe le taighdeoirí agus léitheoirí nach mbeadh mórán Gaeilge acu. D’fhonn comparáid a dhéanamh idir iontrálacha an *Onomasticon* agus an *FSÁG*; féach an méid atá faoin gceannfhocal Cenn Buga san *Onomasticon* (lch 224) agus don áit chéanna (litrithe Ceann Bugha), i *FSÁG Fascúl 4* (lch 69):

**c. buga**; battle of C. B. in Connacht, won by Uí Briúin, Bb. 37a, Ll. 41, Fir. 245, 298; is Cenbuig in Au. i. 92; Canbo, al. Cambo, in p. Killummod nr Rosc., Fy. 312.

**c. buígí**; battle of, Au. i. 92; al. C. Gaba; al. C. Bugba, Fm. An. 617; Cambo, c. Rosc., Od.

**c.bughbha**; Fm. i. 240; v. C. Buga, C. Guba.

(Hogan, 1910, 224)

Tugtar trí iontráil faoi leith don ainm céanna san *Onomasticon* agus ní léir go héasca cérbh iad na foinsí atá luaite faoin gceannfhocal. Ní hiondúil go dtugtar an comhthéacs atá ag an iontráil san fhoinsé nó an dáta a bhaineann leis na tagairtí. Cuir seo i gcomparáid leis an *FSÁG Fascúl 4* (lch 69) áit go dtugtar:

**Ceann Bugha** (C. of ?) Prob. tl. Canbo, p. Killummod, b. Boyle, RN. *Colman mac Cobthaig .xxu. i cath Chind Buga dorochair la hu Briúin*, LL 5733 (cf. LGen. 245.0, 298.8; TCHyF 313).

Alt. spellings: *Bellum Cenbuigi in quo cecidit Colman mac Cobthaigh*, AU2 622.6. (=ATig.

621: *Cath chind gubai*; AI 622: *Cath Cennbaige*; CS 622: *Cath Cendgubai*; AFM 617 [i, 240]: *Cath Cindgubha no Cinn Bughbha*; BB57b9-10). Alt. form: *O Ruairc do thairring do Ruaidri mac Taidhg Mic Diarmada a timchell chaisléin Chendmhoighe*, ALC 1536 [ii, 292] (cf. AFM v, 1434).

(Ó Riain, Ó Murchadha & Murray,

2011, 69)

In ainneoin nach dtugtar aistriúchán iomlán ar Ceann Bughha san iontráil thuasluaite, cabhraíonn an leagan amach úrnua seo leis an léitheoir ar chúpla bealach. Soláthraítear brí na n-eilimintí agus suíomh na háite i ndiaidh a chéile nuair is féidir, seachas iad a scaipeadh amach óna chéile mar atá san *Onomasticon*. Tugtar dáta nuair is féidir do thagairtí stairiúla, rud atá an-chabhrach ó thaobh forbairtí, nuálaíochtaí agus éagsúlachtaí i scríobh na teanga a fheiceáil agus a rianú. Déantar comhthéacs na hiontrála a thabhairt chun breis eolais a sholáthar ó thaobh chúrsaí tuisceana agus gramadaí de (msh. *Colman mac Cobthaig .xxu. i cath Chind Buga dorochair la hu Briún*). Forbairt eile sa *FSÁG* atá le moladh is ea go ndéantar tagairtí stairiúla a dheighilt faoi théarma ginearálta .i. go liostaítear cé acu litriú malartach (*alt. spellings*) nó foirmeacha malartacha (*alt. forms*) atá i gceist. Faightear in iontrálacha eile sa *FSÁG* a leithéid agus: *mistaken location; other ref.; Annal refs; battles/destruction of; location; places nr.; trad. deriv.; boundary; corrupt spelling*. Cuireann sé seo le rialtacht na n-iontrálacha san *FSÁG*, rud nach bhfuil le fáil ag an leibhéal céanna san *Onomasticon* féin.

Rud eile nach mór a lua agus a mholadh ná go dtugtar iontráil mhíniúcháin d'eilimintí atá coitianta sna ceannfhocail féin, mar shampla: ceall s. (lch 47), ceann (lch 67), ceathramha (lch 93), ceinéal (lch 99) agus ceis (lch 135). Is aisteach an rud é nach ndéantar brí na heiliminte 'ceall' a lua san fhascúl seo ná in *FSÁG Fascúl 3 (C – Ceall Fhursa)* ach an oiread. Féach ar a bhfuil luaite don cheannfhocal ceinéal mar shampla:

**CEINÉAL** This collective noun defined in DIL as 'kindred, race, tribe, nation', is usually Latinised as *genus*. As with similar population-group terms – *Clann, Corca, Dál, Muintear, Síol, Sliocht, Uí* – it is generally followed by the personal name (in the gen.) of the group's reputed ancestor, e.g. Ceinéal Aodha ('kindred of Aodh') [...] Not all of these family groupings have been commemorated in place-names; just four modern baronies embody the word, namely, Kinalea, Kinalmeaky and Kinnatalloon (CK) and Kinelarty (DN). In other cases *ceinéal* became synonymous with *tír* ('land/country'), e.g. Ceinéal Eoghain > Tír Eoghain (TE), Ceinéal Conaill > Tír Chonaill (DL), Ceinéal Aodha Easa Ruaidh > Tír Aodha (b. Tirhugh, DL) [...] Included, however are all those for which textual evidence of topographical/historical usage can be added to genealogical sources [...]

(Ó Riain, Ó Murchadha & Murray,

2011, 99)

Cuireann a leithéid de nóta go mór leis an saothar trí chúlra éigin a thabhairt dúinn ar eilimintí coitianta a fhaightear san fhascúl agus nós atá ann ón dara fhascúl i leith, ceannlitreacha beaga a úsáid don nóta míniúcháin amháin ar mhaithe leis an nóta a aithint. Forbairtí is ea iad ar fad atá le moladh.

Díol suntais is ea an léiriú a dhéanann an tInnéacs Contrártha (lgh 155-65) ar an réimse áiteanna thar lear atá luaite san fhascúl seo, ón gCladh Sagsan Shasana (*Hadrian's Wall*) agus Cladh na Muice na hAlban (*The Antonine Wall*) go dtí Ciomhsóg (*Cussac*) na Fraince agus chomh fada soir le Cioclaidh (*The Cyclades*) na Gréige. Ní mór ardmholadh a thabhairt don innéacs seo mar ghné den leabhar atá an-úsáideach ach go háirithe don úsáideoir nach mbeadh an Ghaeilge nó tuiscint ar ortagrafaíocht na Gaeilge Clasaicí acu. Níl sé d'acmhainn airgid nó ama ag an tionscnamh seo a cheart a thabhairt d'ainmneacha ó thíortha eile atá le fáil sa taifead stairiúil, ach go háirithe d'ainmneacha na hAlban (lch vii). Beifear ag súil go ndéanfar iarracht amach anseo le nasc éigin a bhunú idir *Locus* agus a leithéid *Ainmean-Áite na h-Alba* nó *Comann Ainmean-Áite na h-Alba* ar mhaithe leis an eolas agus an taighde atá acu ar logainmneacha na hAlban a áireamh san fhoclóir nua. Féadfar a mhaíomh go gcailltear ainmneacha ailtéarnacha nó sean-ainmneacha ar áiteanna san FSÁG toisc nach gcuirtear foinsí Béarla san áireamh, ach is mar gheall ar an easpa ama agus airgid céanna nach bhfuil sé d'acmhainn ag na heagarthóirí áitainmneacha sna *Fiants, State Papers*, Ionchoisní srl. a áireamh sa tionscadal (cé go mbaintear leas as na *Books of Survey and Distribution* ó am go chéile d'fhonn úinéirí, ainmneacha ailtéarnacha agus méid na talún a sheiceáil). Tá féidearthachtaí ann do lucht léite na sraithe ar ndóigh, le húsáid a bhaint as obair éachtach an Bhrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (féach [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie)) chun foirmeacha stairiúla na n-ainmneacha sna foinsí Béarla a nascadh leis na leaganacha Gaeilge atá in úsáid mar cheannfhocail sa tsraith.

Tá an saothar glan go maith ó thaobh earráidí cló de ach leasú beag amháin nár mhiste a dhéanamh ná an giorrúchán 'WAL' don Bhreatain Bheag a chur le liosta na Nod (lgh xxxii-xxxiii) toisc é a bheith luaite in iontráil *Ceall Mhuine* (lch 31). Rinneadh *addenda* agus *corrigenda* a chur san áireamh sa chéad agus sa dara fhascúl ach i gcás an fhascúil seo, deir na heagarthóirí (lch vii) linn go bhfuil *addenda* agus *corrigenda* sách cuimsitheach bailithe acu do na fhascúil go léir atá foilsithe cheana agus go ndéanfar sin a fhoilsiú le chéile amach anseo. Níor mhiste a lua go nglacann an fhoireann eagarthóireachta go fial le haighneachtaí ó léitheoirí na sraithe ar mholtaí, ar cheartúcháin agus ar thuairimí maidir le suíomhanna atá fós neamh-aitheanta.

Mar fhocal scoir, saothar mórluachach atá againn san *Fhoclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge* do lucht léinn na Gaeilge ar an mbonn go bhfuil leasuithe riachtanacha agus barr feabhais á chur ag an bhfoireann eagarthóireachta ar obair Edmund Hogan, a rinneadh geall le 100 bliain ó shin. Tréaslaím a gcuid oibre leis na heagarthóirí, Cumann na Scríbeann nGaedhilge, lucht maoinithe an tionscnaimh agus na hoibríthe iarchéime a d'oibrigh ar na fhascúil seo go dícheallach thar na blianta as rialtacht foilseacháin na sraithe agus as saothar spéisiúil agus scolártha a chur ar fáil dúinn.

LIAM Ó hAISIBÉIL